**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2018/0256M(NLE)**

14.11.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (2018/0256M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Michel Dantin

## MOLTAÍ

Iarann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Ag cur i bhfios go láidir gur ábhar thar a bheith íogair do thionscal gairneoireachta na hEorpa é an chóir fhabhrach a dheonaítear i leith onnmhairí áirithe torthaí agus glasraí as Maracó chuig AE faoin gcomhaontú an 8 Márta 2012 i ndáil le léirscaoileadh cómhalartach do tháirgí talmhaíochta, próisis táirgí talmhaíochta, táirgí éisc agus iascaigh;

2. Ag cur i bhfios go láidir, thairis sin, ina tuairim a glacadh an 13 Iúil 2011 mar chuid de nós imeachta an toilithe sa Pharlaimint i ndáil leis an gcomhaontú, gur mhol an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe nár cheart toiliú a thabhairt;

3. Ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór na n-údar imní a sonraíodh sa tuairim arna vótáil in 2011, ó thaobh an tionscail gairneoireachta Eorpaigh de, fós ábhartha sa lá atá inniu ann, sa mhéid gur tréimhse dheacair agus luaineach í don tionscal, mar thoradh ar an trádbhac Rúiseach, i measc nithe eile, agus ar úsáid leanúnach na talmhaíochta Eorpaí mar mhír mhargántaíochta i gcaibidlíocht trádála idirnáisiúnta;

4. Ag cur i bhfios go láidir gur cheart go gcomhlíonfadh an rochtain ar mhargadh inmheánach AE atá ag gach tríú tír caighdeáin agus rialacha sláintíochta, fíteashláintíochta, inrianaitheachta agus comhshaoil AE;

5. Ag cur i bhfios go láidir go bhfuil saincheisteanna móra iomaíochais fós ann agus go bhfuil an baol go dtarlóidh saobhadh ar an margadh do tháirgeoirí Eorpacha mar gheall ar neamhréireachtaí leathana i gcomparáid le táirgeoirí as Maracó i dtéarmaí na gcostas foriomlán don táirge, dálaí oibre, agus caighdeáin sláintíochta, fíteashláintíochta agus comhshaoil;

6. Á iarraidh ar an gCoimisiún bearta agus rialuithe coibhéise a chur chun cinn idir Maracó agus an tAontas Eorpach i réimse na gcaighdeán sláintíochta, fíteashláintíochta, inrianaitheachta agus comhshaoil chomh maith le rialacha maidir le lipéadú de réir ionad tionscnaimh, chun a ráthú go mbeidh iomaíocht chothrom ann idir an dá mhargadh;

7. Á mheabhrú nach n-athraíonn an comhaontú nuashonraithe na cuótaí ráta taraife agus an córas fabhrach allmhairithe a bunaíodh roimhe sin, agus nach ndéanann an comhaontú sin ach soiléiriú a thabhairt do tháirgeoirí Eorpacha maidir le raon geografach an comhaontaithe;

8. Á rá gur oth léi go bhfuil na forálacha a glacadh i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM Aonair) d'fhonn teacht thar fadhbanna a thagann chun cinn i gcur i bhfeidhm ceart phraghsanna iontrála allmhairí torthaí agus glasraí ó Mharacó ag éirí neamhéifeachtach do chatagóirí níos airde, na cineálacha 'óga úra' mar a thugtar orthu, go bhfuil praghsanna margaíochta i bhfad níos airde ag gabháil leo ach go sanntar luach caighdeánach táirge orthu ar theacht isteach in AE dóibh, mar is amhlaidh i gcás trátaí silíní; á iarraidh ar an gCoimisiún deireadh a chur leis an aimhrialtacht sin;

9. Ag tarraingt aird ar an bhfíoras go dtagann roinnt torthaí agus glasraí a onnmhairítear go fabhrach chuig AE faoi théarmaí an chomhaontaithe i dtrácht (lena n-áirítear trátaí agus mealbhacáin) ó chríoch an tSahára Thiar, agus ag tabhairt le fios gur tarraingíodh suas pleananna uaillmhianacha d'fhonn forbairt bhreise a dhéanamh ar na táirgí agus na honnmhairí sin;

10. Á rá gur oth léi an éiginnteacht dhlíthiúil atá tagtha chun cinn ó thráth bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Nollaig 2016; gur cúis imní di é nach raibh an Coimisiún in ann sonraí iontaofa agus mionsonraithe a sholáthar maidir le hallmhairiú fabhrach táirgí ón Sahára Thiar a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe ón dáta sin i leith, d'aineoinn an bhreithiúnais i dtrácht; ag fiafraí cén costas ar bhuiséad AE a bhí ag aon cheann de na fabhair a deonaíodh le linn na tréimhse lena mbaineann agus gan bunús bailí dlí a bheith leo; d'éagmais faisnéis chomparáideach leordhóthanach, ag rá go bhfuil sí in amhras cibé an mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an gcomhaontú nua atá beartaithe agus dá bhrí sin á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go gasta an malartú faisnéise dá bhforáiltear sa mhalartú litreacha;

11. Ag tabhairt dá haire, mar sin féin, an soiléiriú a chuireann an comhaontú nua ar fáil, agus go bhfuil súil aici go mbeidh sí in ann, as seo amach, creat soiléir, cobhsaí a sholáthar idir na páirtithe sa chomhaontú sin agus le haghaidh na n-oibreoirí eacnamaíochta lena mbaineann ar an dá thaobh den Mheánmhuir;

12. Á rá go bhfuil sí in amhras cibé acu an bhfuil an t-idirdhealú idir an comhaontú nua idir táirgí ón Sahára agus táirgí ó Mharacó ábhartha ó thaobh na gcustam agus na trádála de, má chuirtear na gnéithe follasacha polaitiúla as an áireamh; ag tabhairt dá haire, go háirithe, nach bhfuil aon leithdháileadh cuótaí ráta taraife sa chomhaontú nua leagtha síos sa bhun-chomhaontú, ó thaobh rochtain ar fhabhair arna deonú ag AE, agus dá bhrí sin nach ndéanfaidh sé aon difríocht ar chor ar bith an de thionscnamh Sachrámhach iad na táirgí nó nach ea;

13. Ag tabhairt dá haire go bhfuil faireachán ar tháirgí íogaire talmhaíochta agus cur i bhfeidhm docht cuótaí den riachtanas má táthar chun feidhmiú cothromaithe an chomhaontaithe a bhaint amach; ag tabhairt le fios go bhfuil clásal coimirce in Airteagal 7 de Phrótacal 1 a ghabhann le Comhaontú 2012 lena gceadaítear céimeanna iomchuí a ghlacadh i gcás ina ndéanann allmhairí de chainníochtaí móra táirgí talmhaíochta atá aicmithe ina dtáirgí íogaire faoin gcomhaontú saobhadh tromchúiseach ar an margadh agus/nó díobháil thromchúiseach don tionscal lena mbaineann; á lua go bhfuil dóchas aici go mbeidh allmhairí fabhracha isteach in AE de tháirgí íogaire talmhaíochta ó Mharacó agus ón Sahára Thiar faoi réir faireachán iomchuí agus leathan ag an gCoimisiún, agus go mbeidh an Coimisiún fós ullamh an clásal a luadh roimhe seo a ghníomhachtú láithreach bonn i gcás ina mbeidh gá leis;

14. Ag cur i bhfios go bhfuil AE agus Maracó tar éis caibidliú a dhéanamh ar chomhaontú uaillmhianach agus cuimsitheach, mar a leagadh amach sa bhun-chomhaontú in 2012, maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh táirgí talmhaíochta, táirgí talmhaíochta próiseáilte, táirgí éisc agus iascaigh a fhorálann go ndéanfadh Maracó liosta iomlán na dtásc geografach AE a chosaint; thairis sin, ag cur i bhfios, gur cuireadh an nós imeachta do chur i gcrích an chomhaontaithe, a thosaigh in 2015, ar fionraí tar éis bhreithiúnas na Cúirte an 21 Nollaig 2016; á iarraidh go ndéanfaí atosú ar

an nós imeachta láithreach agus go dtabharfaí é i gcrích chomh luath agus is féidir i gcomhar le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe a bhfuil breithniú déanta air sa tuairim seo;

15. Á iarraidh ar an gCoimisiún cruinniú a bheith aige leis an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe sa Pharlaimint chomh luath agus is féidir chun cur i láthair a dhéanamh maidir le staid reatha na trádála talmhaíochta idir AE agus Maracó, lena n-áirítear measúnú ar an tionchar a bheadh ag an gcomhaontú ar tháirgeoirí Eorpacha, agus go háirithe ar ioncaim feirmeoirí, agus cur i láthar ar chur i gcrích an chomhaontaithe maidir le tásca geografacha atá le teacht.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasuithe ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile |
| **Tagairtí** | 2018/0256M(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | INTA |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>13.9.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Michel Dantin<br>30.8.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.11.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 8<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | John Stuart Agnew, Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, José Bové, Daniel Buda, Matt Carthy, Jacques Colombier, Michel Dantin, Paolo De Castro, Albert Deß, Diane Dodds, Norbert Erdős, Luke Ming Flanagan, Karine Gloanec Maurin, Martin Häusling, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Zbigniew Kuźmiuk, Norbert Lins, Philippe Loiseau, Giulia Moi, Ulrike Müller, Maria Noichl, Marijana Petir, Maria Lidia Senra Rodríguez, Czesław Adam Siekierski, Tibor Szanyi, Maria Gabriela Zoană, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Angélique Delahaye, Anthea McIntyre, Momchil Nekov, Hilde Vautmans, Miguel Viegas, Thomas Waitz |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

| 23 | + |
|---|---|
| ALDE | Ulrike Müller, Hilde Vautmans |
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Anthea McIntyre |
| EFDD | John Stuart Agnew, Marco Zullo |
| ENF | Jacques Colombier, Philippe Loiseau |
| NI | Diane Dodds |
| PPE | Franc Bogovič, Daniel Buda, Michel Dantin, Angélique Delahaye, Albert Deß, Norbert Erdős, Peter Jahr, Norbert Lins, Marijana Petir, Czesław Adam Siekierski |
| S&D | Clara Eugenia Aguilera García, Paolo De Castro, Karine Gloanec Maurin, Maria Gabriela Zoană |

| 8 | - |
|---|---|
| GUE/NGL | Matt Carthy, Luke Ming Flanagan, Maria Lidia Senra Rodríguez, Miguel Viegas |
| S&D | Maria Noichl |
| VERTS/ALE | José Bové, Martin Häusling, Thomas Waitz |

| 2 | 0 |
|---|---|
| EFDD | Giulia Moi |
| S&D | Eric Andrieu |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh